Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2019
(OR. en)

14354/19

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2015/0270(COD)**
**2016/0360(COD)**
**2016/0361(COD)**
**2016/0362(COD)**
**2016/0364(COD)**
**2018/0060(COD)**
**2018/0063(COD)**

**EF 341**
**ECOFIN 1060**
**CCG 27**
**DRS 63**
**CODEC 1656**
**JAI 1226**
**JUSTCIV 223**
**COMPET 759**
**EMPL 576**
**SOC 762**
**IA 205**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An t-Aontas Baincéireachta a neartú<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

**An tAontas Baincéireachta a neartú — Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht**

I. RÉAMHRÁ

1. De bhun na gconclúidí ón gComhairle maidir leis an treochlár chun an t-aontas baincéireachta a chomhlánú mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 17 Meitheamh 2016 (10460/16, 'Treochlár mhí an Mheithimh 2016'), tá obair chuiditheach déanta ag an gComhairle chun an t-aontas baincéireachta a neartú agus faireachán á dhéanamh aici san am céanna ar laghdú riosca agus ar bhearta eile dá bhforáiltear.

2. Rinneadh an dul chun cinn a baineadh amach sa Chomhairle maidir leis an aontas baincéireachta a neartú a chur i láthair i dtuarascálacha ar dhul chun cinn a d'ullmhaigh Uachtaránacht na hÍsiltíre (10036/16), Uachtaránacht na Slóvaice (14841/16), Uachtaránacht Mhálta (9484/17), Uachtaránacht na hEastóine (14808/17), Uachtaránacht na Bulgáire (9819/18), Uachtaránacht na hOstaire (14452/18) agus Uachtaránacht na Rómáine (9729/19 ADD1). Tá an tuairisciú sin i gcomhréir leis an sainordú ó Mheitheal Ad Hoc na Comhairle um Neartú an Aontais Baincéireachta (an Mheitheal Ad Hoc) (5006/16).

3. Ar an 14 Nollaig 2018, d'fhormhuinigh an Cruinniú Mullaigh Euro, i bhformáid chuimsitheach, cinneadh an Ghrúpa Euro Meitheal Ardleibhéil a bhunú a mbeidh sainordú aici oibriú ar na chéad chéimeanna eile i dtreo treochlár chun tús a chur le caibidlíocht pholaitiúil faoi scéim Eorpach árachais taiscí (SEÁT), ag cloí le gach gné de threochlár 2016 sa seicheamh iomchuí.

4. Ag tógáil ar ar baineadh amach ag an bplé a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil sa chéad leath den bhliain, chomhaontaigh an Grúpa Euro, i bhformáid chuimsitheach, i mí an Mheithimh 2019, go mbeadh gá le breis obair theicniúil chun bealach idirthréimhseach a shainiú chuig an aontas baincéireachta foistine d'eilimintí ábhartha agus lena seicheamhú, ag cloí le heilimintí uile threochlár 2016. Thug an Grúpa Euro, i bhformáid chuimsitheach, sainordú dá bhrí sin don Mheitheal Ardleibhéil leanúint den obair sin agus tuarascáil a chur faoina bhráid faoi mhí na Nollag 2019.

5. I bhfianaise an mhéid sin rinne Uachtaránacht na Fionlainne an Mheitheal Ad Hoc, a bunaíodh ar an 13 Eanáir 2016 (5006/16), a thionól uair amháin i rith an dara leath de 2019. I gcomhréir le sainordú na Meithle Ad Hoc, ba é an aidhm a bhí ann dearcadh comhordaithe a thabhairt do na toscaireachtaí ar an dul chun cinn a rinneadh i sruthanna oibre éagsúla i ndáil leis an aontas baincéireachta a neartú.

6. Ullmhaíodh an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn faoi fhreagracht Uachtaránacht na Fionlainne agus aird tugtha ar na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl agus é d'aidhm díriú ar iarratais éagsúla ar thaifead scríofa ar an dul chun cinn atá déanta ar SEÁT agus na bearta chun an tAontas Baincéireachta a neartú. Níor cheart a mheas go bhfuil an tuarascáil seo ina ceangal ar na toscaireachtaí, ós rud é nach bhfuil inti ach measúnú na hUachtaránachta ar thoradh na bpléití a bhí ar siúl ag cruinniú na Meithle Ad Hoc; tá sé beartaithe léi comhleanúnachas a sholáthar agus cúram na hUachtaránachta nua a éascú.

## II. AN TOGRA SEÁT

7. Mar gheall ar na pléití a bhí ag dul ar aghaidh sa Mheitheal Ardleibhéil, bhí an obair theicniúil laistigh den Mheitheal Ad Hoc dírithe ar leanúnachas a sholáthar agus cuidiú le tuilleadh plé a d'fhéadfaí a dhéanamh, ag féachaint do threochlár feabhsaithe a bheadh le comhaontú faoi chuimsiú an Ghrúpa Euro i bhformáid chuimsitheach.

8. I ndiaidh na bpléití a rinneadh faoi Uachtaránacht na Rómáine, chuir seirbhísí an Choimisiúin modheolaíocht nuashonraithe i láthair chun sonraí a bhailiú d'fhonn tacú leis an modheolaíocht chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe faoi SEÁT a ríomh. Tógann an dréacht-theimpléad, den chuid is mó, ar an mbailiú sonraí a seoladh in 2017 faoi Uachtaránacht Mhálta, dar sprioc modheolaíocht a shainiú chun ranníocaíochtaí riosca-bhunaithe a ríomh le haghaidh SEÁT. Tugtar míniú ann freisin ar na táscairí riosca arna sainaithint sna treoirlínte ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) maidir le modhanna chun ranníocaíochtaí le scéimeanna ráthaithe taiscí a ríomh, ar treoirlínte iad a eisíodh i mí na Bealtaine 2015 ('croítháscairí riosca') agus cuirtear isteach roinnt réimsí sonraí nua san am céanna. Ar an iomlán, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí, ar réamhbhonn, an tionscnamh agus na réimsí sonraí nua. Bhí ceisteanna ag roinnt toscaireachtaí maidir lena indéanta atá sé an amlíne atá beartaithe a chur i bhfeidhm agus maidir le cuid de na sonraí a bheith ar fáil, i bhfianaise na gceanglas rúndachta is infheidhme a d'fhéadfadh a bheith ann freisin. Seolfaidh an Coimisiún an cleachtadh bailithe sonraí go luath, agus aird á tabhairt ar an bplé sa Mheitheal Ad Hoc agus ar bharúlacha breise a d'fhéadfadh na Ballstáit a thabhairt i nós imeachta i scríbhinn. Chuir an Coimisiún in iúl freisin go bhfuil sé toilteanach na Ballstáit a chur ar an eolas faoi aon dul chun cinn breise a dhéanfar faoi Uachtaránacht nua na Cróite maidir le sonraí a bhailiú.

9. Thíolaic seirbhísí an Choimisiúin príomhchinntí an staidéir 'Roghanna agus discréidí náisiúnta faoin Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí agus a láimhseáil i gcomhthéacs Scéim Eorpach Árachais Taiscí' a d'ullmhaigh comhairleoirí a bhí ar conradh don Choimisiún agus a fhoilseofar go luath. Cé gur dhíol sásaimh tríd is tríd an staidéar agus gur measadh é a bheith úsáideach i dtaca le tuilleadh faisnéise a sholáthar faoin idirghníomhaíocht idir an reachtaíocht shubstainteach i ndáil le scéimeanna ráthaithe taiscí agus togra SEÁT, cuireadh in iúl roinnt ábhar imní i dtús báire maidir leis na moltaí beartais atá sa staidéar. Dúirt an Coimisiún go mbeidh, a luaithe a fhoilseofar an staidéar, deiseanna eile ann le haghaidh mionphléití a dhéanamh le hionadaithe na mBallstát maidir lena shubstaint.

## III. ‘AN PACÁISTE BAINCÉIREACHTA’ A CHUR CHUN FEIDHME

10. Ar an 23 Samhain 2016, chuir an Coimisiún pacáiste reachtach (an ‘Pacáiste Baincéireachta’) i láthair ina raibh dhá thogra le haghaidh dhá rialachán agus trí threoir a bhaineann leis an méid a leanas:

- ceanglais stuamachta do bhainc (leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 — an ‘Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil’ (CRR) agus Treoir 2013/36/AE — an ‘Treoir um Cheanglais Chaipitil’ (CRD));
- téarnamh agus réiteach na mbanc (leasuithe ar Threoir 2014/59/AE — an ‘Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc’ (BRRD), a áirítear in dhá threoir éagsúla, agus ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 — an ‘Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair’ (SRMR)).

11. Bunaithe ar na tograí ón gCoimisiún, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leasuithe ar na rialacháin agus na treoracha atá thuasluaite. Glacadh na leasuithe in dhá chéim — i mí na Nollag 2017 agus i mí na Bealtaine 2019. Tháinig na gníomhartha reachtacha, a glacadh i mí na Bealtaine 2019, i bhfeidhm ar an 27 Meitheamh 2019. Tá dátaí cur i bhfeidhm agus rialacha idirthréimhseacha éagsúla i gceist agus is gá an dá threoir a thrasuí sa dlí náisiúnta. Cé go bhfuil roinnt rialacha infheidhme láithreach bonn, beidh feidhm ag formhór acu amhail ó lár na bliana 2021, agus tá sceideal idirthréimhseach ag gabháil le cuid acu a mhairfidh go dtí 2024.

12. Leis an bpacáiste baincéireachta, cuirtear chun feidhme roinnt eilimintí a chomhaontaigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais i mí na Samhna 2016, eadhon an cóimheas giarála (NSFR), ceanglas na hacmhainne iniomparthachta caillteanas iomlán (TLAC) d'institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo, rialacha athbhreithnithe maidir le neamhchosaintí móra, riosca creidmheasa contrapháirtí agus neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha agus sealúchais chothromais i gcistí, ceanglais athbhreithnithe nochta mar aon le creat nua um thuairisciú riosca margaidh, fad is atáthar ag feitheamh le torthaí deiridh obair Choiste Basel ar cheanglais áirithe chaipitil.

13. Tá roinnt lascainí sa phacáiste baincéireachta freisin ó na caighdeáin stuamachta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, amhail dreasachtaí sa chreat riosca creidmheasa d'infheistíochtaí i mbonneagar poiblí agus FBManna nó diúscairt iasachtaí neamhthuillmheacha a éascú. Rinneadh bainc áirithe a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm CRR agus CRD leis. Áiríodh leis roinnt beart darb aidhm dóibh an t-ualach riaracháin a bhaineann le ceanglais tuairsicithe agus nochta do bhainc bheaga neamhchasta a laghdú, agus áiríodh freisin rialacha simplithe maidir le luach saothair, riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca leachtachta.

14. Thairis sin, leasaíodh leis an bpacáiste baincéireachta an t-íoscheanglas atá ann cheana maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI), mar aon le creat Cholún 2 agus creat macrastuamachta. Tugadh isteach ceanglas d'institiúidí tríú tíre, a bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha acu san Aontas, go mbeadh máthairghnóthas idirmheánach de chuid an Aontais acu, agus rinneadh uirlis moratóra nua d'údaráis réitigh a thabhairt isteach freisin. Ar deireadh, rinneadh leasuithe áirithe a bhaineann le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais, mar aon le bearta frithsciúrtha airgid, a ionchorprú i rialacha stuamachta.

15. Thug ÚBE agus an Bord Réitigh Aonair (BRA) an t-eolas is déanaí don Mheitheal Ad Hoc maidir le cur chun feidhme an phacáiste baincéireachta agus saincheisteanna tráthúla eile a bhaineann le bainistiú géarchéime agus árachas taiscí. Chuir ÚBE a chuid faireacháin ar ICDI agus coláistí réitigh i láthair mar aon leis na sainorduithe rialála a tugadh dó sa phacáiste baincéireachta agus an t-athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí. Bhí BRA dírithe ar na sonraíochtaí agus ar an amlíne maidir leis na téacsanna reachtacha nua a chur chun feidhme ina chuid oibre agus ar a ionchais i leith na mbanc. Bhí an deis ag na toscaireachtaí ceisteanna a chur ar ÚBE agus ar BRA. Leagadh béim ar leith ar dhúshláin a bhaineann leis an aistriú ó chreat bunaidh BRRD/SRMR chuig creat leasaithe BRRD/SRMR, agus é á chur san áireamh go bhfuil ceanglais cheangailteacha ICDI i bhfeidhm cheana féin ag roinnt banc bunaithe ar an seanchreat.

## IV. PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CHUN DUL I nGLEIC LE hIASACHTAÍ NEAMHTHUILLMHEACHA SAN EORAIP

16. Ina plean gníomhaíochta chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip ó mhí Iúil 2017, d'iarr an Chomhairle go dtabharfaí isteach bearta chun aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas. Thug seirbhísí an Choimisiúin an t-eolas is déanaí don Choiste Seirbhísí Airgeadais ar an 6 Samhain 2019 faoin dul chun cinn a rinneadh i ndáil le gnéithe den phlean gníomhaíochta. Tabharfaidh an Coimisiún eolas nuashonraithe ag Comhairle Ecofin ar an 5 Nollaig freisin, mar a shainordaítear leis an bplean gníomhaíochta. Cé go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar líon iomlán na n-iasachtaí neamhthuillmheacha, tá líon na n-iasachtaí neamhthuillmheacha i roinnt Ballstát fós ard.

17. I mí an Mhárta 2018, mhol an Coimisiún pacáiste bearta reachtacha. Glacadh an Rialachán lena leasaítear CRR a mhéid a bhaineann le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcás iasachtaí nuathionscanta a éiríonn neamhthuillmheach ('togra na n-iasachtaí neamhthuillmheacha maidir le cúlstop stuamachta') agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Aibreáin 2019; mar sin féin, tá an obair ar bun i gcónaí maidir leis an treoir atá beartaithe. Roinneadh í ina dhá threoir, ag an gComhairle i mí an Mhárta 2019 agus ag Parlaimint na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá sainordú ag an gComhairle le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an Treoir maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa ó mhí an Mhárta 2019 [agus i ndáil leis an Treoir maidir leis an sásra um fhorfheidhmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach luathaithe ó mhí na Samhna 2019][1]. Mar thoradh air sin, tá an Chomhairle ag fanacht go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa seasaimh maidir leis an dá threoir chun tús a chur leis an gcaibidlíocht. De bhreis ar na bearta reachtacha, tá bearta déanta ag ÚBE,agus ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) freisin, chun aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha trí threoirlínte agus threoir, mar shampla.

## V. CONCLÚID

18. Iarrann an Uachtaránacht ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haire, d'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair.

---

[1] Na lúibíní cearnacha le baint faoi réir fhormheas an tsainordaithe caibidlíochta ag Coreper ar an 27 Samhain, mar mhír neamhphlé.